# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

**SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH 2006**

❐ *Scríobh do SCRÚDUIMHIR anseo.* ☛

## CEOL – ARDLEIBHÉAL

**ÉISTEACHT, CUMADÓIREACHT AGUS STAIDÉAR GINEARÁLTA** (300 marc)

Dé Céadaoin, 21 Meitheamh - Maidin, 9.30 - 11.30

**Don Fheitheoir**

Stampa an Ionaid
(Centre Stamp)

**Don Scrúdaitheoir**

Móriomlán na Marcanna

| | |
|---|---|
| 1. **Suim na n-iomlán deireadh leathanaigh**<br>Total of end of page totals | |
| 2. **Móriomlán na gceisteanna nár ceadaíodh**<br>Aggregate total of all disallowed questions | |
| 3. **An marc a bronnadh (1 lúide 2)**<br>Mark awarded (1 minus 2) | |
| 4. **Breismharc as freagairt trí mheán na Gaeilge (más cuí)**<br>Bonus mark for answering through Irish (if applicable) | |
| 5. **Marc iomlán má bronnadh breismharc do fhreagairt trí Ghaeilge (3+4)**<br>Total mark awarded if Irish bonus (3+4) | |
| Nóta: **Caithfidh an marc ar líne 3 (nó líne 5 má bronnadh breismharc as freagairt trí mheán na Gaeilge) a bheith cothrom leis an marc sa bhosca** Móriomlán **ar an script**.<br>**Note:** The mark in row 3 (or row 5 if an Irish bonus is awarded) must equal the mark in the **Móriomlán** box on the script. | |

| Ceist | Marc |
|---|---|
| 1 | |
| 2 | |
| 3 | |
| 4 | |
| 5 | |
| 6 | |
| 7 | |
| 8 | |
| 9 | |
| 10 | |
| Iomlán | |
| Bónas don Ghaeilge | |
| Móriomlán | |
| Grád | |

## TREORACHA AR LEITH

| | | |
|---|---|---|
| ❒ *Freagair mar seo a leanas:* | ***I - Éisteacht:*** | *Gach ceist ó 1 go dtí 5 san áireamh* |
| | ***II - Cumadóireacht:*** | *(a) Ceist 6, Ceist 7* ***agus*** *Ceist 8 in éineacht*<br>***nó***<br>*(b) Ceist 9 amháin* |
| | ***III - Staidéar Ginearálta:*** | *Ceist 10* |

- ❒ *I ráitis a dtugtar rogha iontu,* ***cuir ciorcal thart ar an gceann atá ceart, dar leat, nó tarraing líne faoi.***
- ❒ *Tabharfar CÚIG nóiméad duit i dtús báire chun na sé cheist tosaigh a léamh (is é sin, na ceisteanna 1 go dtí 6).*

## TREORACHA D'IARRTHÓIRÍ

- ❒ *Sula dtosaíonn an scrúdú, éist go cúramach leis an triailsliocht. Mura gcloiseann tú an taifeadadh go soiléir, labhair leis an bhfeitheoir láithreach bonn.*
- ❒ *Éist, freisin, leis an ngíog rabhaidh agus le fógairt gach ceiste ar an taifeadadh.*
- ❒ *Ní miste do chuid freagraí a scríobh fad atá an taifeadadh ar siúl nó i rith na sosanna.*
- ❒ *Scríobh do chuid freagraí go léir sna spásanna atá ann dóibh i* ***LEABHAR SEO NA gCEISTEANNA AGUS NA bhFREAGRAÍ****.*
- ❒ *Is cóir na leathanaigh bhána atá i lár agus i ndeireadh an leabhair a úsáid do shracobair.*
- ❒ *Iarr ar an bhfeitheoir páipéar breise nó lámhscríbhinn cheoil bhreise a thabhairt duit, más gá.*
- ❒ *Ná tabhair isteach aon pháipéar eile i halla an scrúdaithe.*
- ❒ *Ní ceadmhach duit caint, cnagadh ná crónán a dhéanamh ná canadh nuair a bheidh an scrúdú ar siúl.*

## I - ÉISTEACHT

**C.1** | ***AMHRÁIN DUALGAIS*** | ***30 marc***

- ❐ *Seinnfear TRÍ shliocht DHÁ uair.*
- ❐ *Freagair A, B, C agus D.*

**A** **Amhrán 1**

(i) Tosaíonn sé seo:

■ ar an gcéad bhuille ■ ar an dara buille ■ ar an tríú buille ■ ar an gceathrú buille

(ii) Luaigh gné rithimeach **amháin** den amhrán seo. _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ *(8)*

**B** **Amhrán 2**

(i) Is í foirm an amhráin seo ná:

■ ABBA ■ AABA ■ ABAB ■ ABAA

(ii) Is é seo atá sa tséis:

■ ochtach foirfe ■ cúigeach foirfe ■ séach maolaithe ■ seachtach maolaithe *(8)*

**C** **Amhrán 3**

(i) Cén eachtra sóisialta a luaitear leis an amhrán seo?

_ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

(ii) Cad a tharlaíonn do luas an cheoil?

_ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

_ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ *(8)*

**D** Seo sliocht as ceann amháin de na hamhráin atá díreach cloiste agat.




Is í oscailt an amhráin seo í. … ■ amhrán 1 ■ amhrán 2 ■ amhrán 3 *(6)*

- ❐ *Beidh sos gairid anois ann chun do fhreagra a chomhlánú.*

**C.2** **SAOTHAIR DHUALGAIS** **30 marc**

❐ *Seinnfear sliocht as ceann amháin de do shaothair dhualgais TRÍ huaire.*

❐ *Tá imlíne scór an cheoil clóbhuailte thíos.*




❐ *Freagair A, B, C agus D.*

**A** (i) Is é ainm an tsleachta seo ná

- Éirí na gréine sna hAlpa
- Stoirm
- Aoire ar thaobh an tsléibhe
- Réabhlóid

(ii) Luaigh cén cineál saothair ar baineadh an sliocht as. … _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ (6)

**B** (i) Cén uirlis aonair a sheinntear
i mbarraí 1–5?… … … … … _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

(ii) Tá an tséis i mbarraí 6–10 éagsúil. Luaigh difríocht **amháin**.

_ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ *(6)*

**C** (i) Is é an t-amchomhartha ná

■ $\frac{3}{4}$ ■ $\frac{3}{8}$ ■ $\frac{4}{4}$ ■ $\frac{6}{8}$

(ii) Luaigh barra **amháin**
a gcloistear tríleach ann. … uimhir an bharra_ _ _ *(4)*

**D** (i) Mol focal nó dhó chun
an mothú a chur in iúl. … … _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

(ii) Luaigh conas a chruthaíonn an cumadóir an mothú sin.

_ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

_ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ *(6)*

❒ *Anois éist le sliocht eile a thagann ina dhiaidh sin ach nach bhfuil clóbhuailte anseo.*

❒ *Seinnfear DHÁ uair é.*

❒ *Freagair E.*

**E** (i) Luaigh **dhá** ghné nua cheoil sa sliocht seo.

1 _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

2 _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

(ii) Mínigh go gairid **ceann amháin** díobh.

_ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

_ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

_ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

_ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

_ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ *(8)*

❒ *Beidh sos ann anois chun do fhreagra a chomhlánú.*

- *Seinnfear TRÍ shliocht DHÁ uair.*
- *Freagair A, B agus C.*

**Sliocht 1**

**A** (i) Is é atá sa rince seo ná … … ______________________________

(ii) Is é an patrún rithime ná



*(6)*

**Sliocht 2**

**B** (i) Is é atá anseo ná

■ amhrán saothair ■ amhrán grá ■ amhrán óil ■ caoineadh

(ii) Cuir ciorcal thart ar **thrí** ghné den cheolchasadh seo.

■ rithim shaor ■ cuntra-shéis ■ ornáidiú gutha ■ séis gan tionlacan

■ amhránaíocht shrónach ■ armóiní gutha ■ athruithe gléasanna ■ tionlacan cordúil *(11)*

**Sliocht 3**

**C** (i) Luaigh **dhá** ghné thraidisiúnta den cheolchasadh seo.

1 ______________________________________

______________________________________

2 ______________________________________

______________________________________

(ii) Luaigh **dhá** ghné neamhthraidisiúnta den cheolchasadh seo.

1 ______________________________________

______________________________________

2 ______________________________________

______________________________________ *(8)*

❐ *Anois freagair D. (Níl aon cheol ar an taifeadadh anseo).*

**D** Ainmnigh **trí** chineál éagsúla d'uirlisí Gaelacha traidisiúnta: téaduirlis amháin, gaothuirlis amháin agus cnaguirlis amháin. I ngach cás, tabhair cuntas gairid ar cé acu ceann díobh seo a sheinntear ar an uirlis, séis, armóin nó cordaí, agus ainmnigh ceoltóir cáiliúil **amháin** a luaitear léi.

Uirlis 1: _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

Cuntas: _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

_ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

_ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

_ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

Ceoltóir: _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

Uirlis 2: _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

Cuntas: _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

_ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

_ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

_ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

Ceoltóir: _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

Uirlis 3: _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

Cuntas: _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

_ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

_ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

_ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

_ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

Ceoltóir: _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ *(15)*

❐ *Beidh sos ann anois chun do fhreagra a chomhlánú.*

# Sracobair

## C.4 DEACHTÚ 40 marc

- ❒ *Seinnfear MÍR CEITHRE BHARRA CÚIG huaire ar an bpianó.*
- ❒ *Beidh sos oiriúnach ann i ndiaidh gach seanma.*
- ❒ *Seinnfear an gléasnóta agus an corda tonach roimh gach seinm.*
- ❒ *Cloisfidh tú an* ***chuisle*** *ar an méadranóm roimh agus i rith an* ***chéad dá sheinm amháin****.*
- ❒ *Chun cabhrú leat, tugtar na* ***trí nóta tosaigh****.*
- ❒ *Freagair A, B agus C.*

**A** Cuir isteach na 10 NÓTA SHÉISEACHA atá ar iarraidh. *(20)*

**B** Scríobh isteach an PATRÚN NA RITHIME. *(16)*

**C** Cuir isteach na BARRALÍNTE. *(4)*

- ❒ *Bain úsáid as* ***ceann amháin*** *de na roghanna thíos:*

I - Cliathnodaireacht



*NÓ*

II – Sólfá tonach [dó = G]

{| d : t, : d

*NÓ*

III – Comhcheangal de shlatnodaireacht (nó de nodaireacht eile) agus de shólfá tonach



d t, d

- ❒ *Beidh sos fada ann anois chun do fhreagra a chomhlánú.*

## C.5 AMHRÁIN AGUS SAOTHAIR A ROGHNAÍODH — 40 marc

### Amhráin as Ceoldrámaí, as Mion-Cheoldrámaí, as Cantáidí, as Oratóirí agus as Ceolraí Stáitse

❐ *Freagair A agus B. (Níl aon cheol ar an taifeadadh do na codanna seo.)*

**A** Ainmnigh d'AMHRÁN ROGHNAITHE sa chatagóir seo agus an CUMADÓIR.
*(NÁ hainmnigh d'amhrán dualgais* Spring anseo.)

(i) Amhrán roghnaithe: _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

(ii) Cumadóir: _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ *(4)*

**B** Déan cur síos gairid ar ghné *cheoil* **amháin** den amhrán seo.

_ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

_ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

_ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ *(6)*

❐ *Cloisfidh tú anois amhrán as* Miss Saigon *a sheinnfear DHÁ uair.*

❐ *Tá na focail clóbhuailte thíos.*

On the other side of the earth, there's a place where life still has worth.
I will take you. I'll go with you.
You won't believe all the things you'll see,
I know, 'cause you'll see them all with me.
If we're together, that's when we'll hear it again;
A song played on a solo saxophone,
A crazy sound, a lonely sound, a cry that tells us love goes on and on
Played on a solo saxophone.
It's telling me to hold you tight and dance
Like it's the last night of the world.

*Alain Boublil and Claude-Michel Schonberg*

❐ *Freagair C agus D.*

**C** (i) Tá an chéad líne arna chanadh

■ ag an soprán ■ ag an alt ■ ag an teanór ■ ag an dord

(ii) Tá an t-amhrán arna chóiriú

■ d'aonréad ■ do dhísréad ■ do thríréad ■ do cheathairéad *(8)*

**D** (i) I líne 5, canann na guthhanna

■ in aoncheol ■ in armóin ■ in ochtaigh ■ in aithris

(ii) I líne 6, canann na guthanna

■ in aoncheol ■ in armóin ■ in ochtaigh ■ in aithris

(iii) Tabhair breac-chuntas ar phointe suimiúil **amháin** san ionstraimíocht ó líne 6 go dtí an deireadh.

_ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

_ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

_ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ *(8)*

❐ *Cloisfidh tú anois amhrán eile as* Miss Saigon *a sheinnfear DHÁ uair.*

❐ *Freagair E.*

**E** Luaigh **dhá** chúis a bhfuil glór na máirseála ag an amhrán seo.

1 _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

2 _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ *(6)*

❐ *Closifidh tú an dá shliocht arís á seinm UAIR AMHÁIN.*

❐ *Freagair F.*

**F** Sainaithin **dhá** chosúlacht agus **dhá** dhifríocht idir amhrán a haon agus amhrán a dó.

Cosúlacht 1: _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

Cosúlacht 2: _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

Difríocht 1: _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

Difríocht 2: _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ *(8)*

❐ *Beidh sos fada ann anois chun do fhreagra a chomhlánú.*

## Sracobair

## II - CUMADÓIREACHT

**C.6** **TRÍCHORDAÍ** **20 marc**

- *An véarsa thíos a sheinnfear UAIR AMHÁIN.*
- *Is é seo an dréacht deireanach a chloisfidh tú ar an taifeadadh.*
- *Freagair A, B, C agus D.*

### Desire for Spring

WA Mozart




**A** Cad iad LITIRAINMNEACHA na dtrí nóta ag X (barra 10)? … _ _ _ _ _ _ *(6)*

**B** Déanann na nótaí seo an tríchorda seo:

■ F mion ■ F mór ■ A mion ■ C mór *(4)*

**C** Is é atá sa tríchorda seo agus é scríofa ar an DORDCHLIATH, ná

■  ■  ■  ■  *(5)*

**D** Roghnaigh **ceann amháin** de na barraí seo a leanas a n-oirfeadh an tríchorda sin don tséis ann:

■ barra 3 ■ barra 7 ■ barra 13 ■ barra 14 *(5)*

❒ *Freagair CEANN AMHÁIN díobh seo a leanas — A* ***nó*** *B* ***nó*** *C.*

## A MÍR A CHUR LE TÉACS A THUGTAR

❒ *Seo a leanas na ceithre líne thosaigh as* Bruno's Revenge

'Rise, oh, rise! The daylight dies:
The owls are hooting, ting, ting, ting!
Wake, oh, wake! Beside the lake
The elves are fluting, ting, ting, ting!'
*Lewis Carroll*

❒ *Cuireadh ceol leis an gcéad dá líne thíos.*

❒ *Cum mír CEITHRE BHARRA de do chuid féin chun an tséis a chomhlánú.*
*Déan do mhír fhreagrach* ***éagsúil*** *leis an mír oscailte.*

❒ *Bain úsáid as na treoirlínte seo a leanas:*

1 Scríobh patrún RITHIME a d'oirfeadh d'fhocail an véarsa atá fágtha.
2 Cuir isteach nótaí oiriúnacha SÉISE i ngléas G don rithim seo. *(27)*
3 Críochnaigh ar an nGLÉASNÓTA, is é sin, 'DÓ'. *(4)*
4 Cuir isteach na focail nó na siollaí faoi na nótaí cearta. *(4)*

**Ar luas siúil** *(Andante)*




**Rithim**



**Séis**



*NÓ*

**B MÍR A CHUR LE hOSCAILT A THUGTAR**

❒ *Déan staidéar ar an oscailt seo.*

**Rithim**



**Séis**

**Mear** *(Allegro)*



❒ *Anois comhlánaigh an tséis seo thuas mar seo a leanas:*

1 Cuir isteach TRÍ bharra leis an bpatrún rithime a thugtar.
2 Cum SÉIS i ngléas F don rithim seo. *(27)*
3 Críochnaigh ar an nGLÉASNÓTA, is é sin, 'DÓ'. *(4)*
4 Cuir isteach MÍRIÚ oiriúnach. *(4)*

*NÓ*

**C MÍR FHREAGRACH**

❒ *Déan staidéar ar an mír oscailte ceithre bharrra seo.*

**Meánach** *(Moderato)*



**Rithim**



**Séis**



❒ *Anois cum mír **'fhreagrach'** chun an tséis a chríochnú. Déan do mhír fhreagrach **éagsúil** leis an mír oscailte, mar seo a leanas:*

1 Scríobh patrún rithime CEITHRE BHARRA.
2 Cum SÉIS i ngléas D don rithim seo. *(27)*
3 Críochnaigh ar an nGLÉASNÓTA, is é sin, 'DÓ'. *(4)*
4 Cuir isteach MÍRIÚ oiriúnach. *(4)*

❒ *Freagair CEANN AMHÁIN díobh seo a leanas — A nó B nó C.*

## A SÉISNÓTAÍ AGUS DORDNÓTAÍ AG DÚNTAÍ DO MHÉARCHLÁR

❒ *Déan staidéar ar an dréacht neamhiomlán seo a leanas agus ansin freagair na ceisteanna thíos.*







❒ *Cuir isteach séisnótaí agus dordnótaí chun iad seo a leanas a dhéanamh:*

1 Ag ‘X’, dúnadh NEAMHFHOIRFE (IV – V) *(12)*
2 Ag ‘Y’, dúnadh BRISTE (V – vi) *(12)*
3 Ag ‘Z’, dúnadh FOIRFE le réamhchorda (ii – V – I) *(21)*

*NÓ*

## B CORDAÍ AG DÚNTAÍ DO CHÓR SATD

❒ *Déan staidéar ar an dréacht neamhiomlán seo a leanas agus ansin freagair na ceisteanna thíos.*






❐ *Cuir isteach páirteanna le haghaidh a trí nó a ceathair de ghuthanna, de réir mar is cuí, chun iad seo a leanas a dhéanamh:*

1 Ag ‘X’, dúnadh NEAMHFHOIRFE (IV – V) *(12)*
2 Ag ‘Y’, dúnadh BRISTE (V – vi) *(12)*
3 Ag ‘Z’, dúnadh FOIRFE le réamhchorda (ii – V – I) *(21)*

*NÓ*

**C CORDAÍ TACAÍOCHTA**

❐ *Déan staidéar ar an bhfonn seo. Tá sé i gceist go mbeidh tionlacan cordúil ag gabháil leis.*

# Bingo

Amhrán tíre Meiriceánach




❐ *Cuireann na trí shiombail tosaigh taobh thuas den cheol na cordaí cuí in iúl, is iad sin, B maol, E maol agus B maol.*

❐ *Anois comhlánaigh na boscaí eile, mar seo a leanas:*

1 Roghnaigh siombail oiriúnach mar chorda tacaíochta i ngach bosca. *(5X9 = 45)*
2 NÁ bain úsáid as uimhreacha Rómhánacha (mar shampla, I, ii, IV, etc.)
3 NÁ bíodh an tsiombail chéanna ann dhá uair as a chéile.

## Q.9 SAORCHUMADÓIREACHT 100 marc

**NB: D'Iarrthóirí nach roghnaíonn Ceist 6 ná Ceist 7 ná Ceist 8 amháin.**

❐ *Freagair A **NÓ** B.*

**A** 1 Cuir buncheol de do chuid féin le CEANN AMHÁIN de na véarsaí (i) nó (ii) nó (iii) thíos.
2 Bíodh sé oiriúnach do ghuth nó do ghuthanna agus don uirlis nó do na huirlisí is rogha leat.
3 Ainmnigh na guthanna nó na huirlisí ar an scór. *(100)*

*NÓ*

**B** 1 Cum dréacht gairid a léireoidh mothú CEANN AMHÁIN de na véarsaí seo thíos.
2 Ainmnigh an uirlis nó na huirlisí a roghnaíonn tú ar an scór. *(100)*

(i) **The Lord of the Rings**
One ring to rule them all,
One ring to find them,
One ring to bring them all
And in the darkness bind them.
*JRR Tolkien*

(ii) **The Tom Cat**
At midnight in the alley
A Tom Cat comes to wail,
And he chants the hate of a million years
As he swings his snaky tail.
*Don Marquis*

(iii) **Le Linn Ár nÓige**
Mairg le linn ár n-óige
Sinn ag tnúth le bheith mór,
Gan foighid, ach ag aithris
Ar dhaoine fásta suas.
*Máirtín Ó Direáin*

## III - STAIDÉAR GINEARÁLTA

***C.10*** **20 marc**

- *Freagair A, B agus C.*
- *NÁ roghnaigh dréachtaí as d'amhráin dualgais, as do shaothair dhualgais ná as an gceol Gaelach mar ábhar anseo.*

**A** Ainmnigh do **staidéar ginearálta** _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

Cén catagóir a mbaineann an staidéar seo leis? … … … … _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

**B** Liostaigh DHÁ dhréacht ceoil ó do staidéar ginearálta mar aon leis na cumadóirí nó na hoirfidigh.

(i) Teideal: _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

Cumadóir: _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _
*nó*
Oirfideach: _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ *(4)*

(ii) Teideal: _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

Cumadóir: _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _
*nó*
Oirfideach: _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ *(4)*

**C** Cuir cara leat ar an eolas mar gheall ar do staidéar ginearálta. Sainaithin agus déan cur síos gairid ar **thrí** ghné difriúla cheoil a chuaigh i bhfeidhm ort.

Gné cheoil 1: _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

Cur síos: _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

_ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

_ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

_ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

_ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

_ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

_ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

_ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

_ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ *(4)*

Gné cheoil 2: ______________________________

Cur síos: ______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________ *(4)*

Gné cheoil 3: ______________________________

Cur síos: ______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________ *(4)*

## Sracobair

Lch 23 de 23

Leathanach Bán